RÚN (AE) 2023/1872 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 10 Bealtaine 2023

ina bhfuil barúlacha atá in gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) don bhliain airgeadais 2021

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0133/2023),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gur EUR 110 728 826 a bhí i mbuiséad críochnaitheach na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') don bhliain airgeadais 2021, a léiríonn méadú de 1,25 % i gcomparáid le 2020; de bhrí go dtagann thart ar 26 % de bhuiséad na Gníomhaireachta ó tháillí agus muirir agus 72 % ón Aontas agus ó thríú tíortha;

B. de bhrí go ndeir an Chúirt Iniúchóirí ('an Chúirt') ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2021 (an 'tuarascáil ón gCúirt') gur soláthraíodh dearbhuithe réasúnacha di go bhfuil cuntais na Gníomhaireachta beacht agus gur idirbhearta dlíthiúla agus rialta is bun leo;

Bainistíocht buiséid agus airgeadais

1. á thabhairt dá haire gur díol sásaimh di go raibh ráta cur chun feidhme buiséid 98,39 % de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas na bliana reatha mar thoradh ar iarrachtaí chun faireachán a dhéanamh ar an mbuiséad le linn na bliana airgeadais 2021, arb ionann é agus laghdú beag 0,10 % i gcomparáid le 2020 agus gurbh é 86,23 % ráta forghníomhaithe na bliana reatha, arb ionann é agus laghdú 1,31 % i gcomparáid le 2020;

2. ag tabhairt dá haire go maoinítear an Ghníomhaireacht le táillí arna n-íoc ag tionscal agus le ranníocaíocht chomhardaithe ón Aontas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus trí ranníocaíocht ón Aontas i ndáil le gníomhaíochtaí i gcomhréir le roinnt Treoracha Comhshaoil agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur bhailigh an Ghníomhaireacht ioncam ó tháillí agus ó mhuirir arbh fhiú EUR 30 198 445 san iomlán in 2021 agus go bhfuair sí EUR 79 665 478 (lena n-áirítear ranníocaíochtaí tríú tíortha) ó bhuiséad an Aontais agus EUR 4 349 206 ó ranníocaíochtaí faoi chomhaontuithe sonracha; á aithint go bhfuil laghdú suntasach tagtha ón spriocdháta cláraithe críochnaitheach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 in 2018 i leith, ar ioncam táille na Gníomhaireachta, rud a fhágann go bhfuil méadú ag teacht, i gcaitheamh an ama, ar a spleáchas ar an Aontas lena hoibríochtaí a mhaoiniú;

([1]) IO C 141, 29.3.2022, lch. 120.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

3. á chur i bhfáth gur gá aghaidh a thabhairt ar easpa intuarthachta ioncam táille na Gníomhaireachta; á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a thíolacadh chun rialachas na Gníomhaireachta a neartú agus chun inbhuanaitheacht a shamhla maoinithe a mhéadú gan mhoill, i gcomhréir lena ghealltanas a cuireadh in iúl sa Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht ([5]);

Feidhmíocht

4. ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar an bplean straitéiseach do 2019-2023; á thabhairt dá haire gur bhain an Ghníomhaireacht amach 194 as 214 ghníomhaíocht agus aschur a leagadh síos i gclár oibre 2021 agus go raibh na 18 ngníomhaíocht agus aschur eile nár comhlíonadh mar thoradh go príomha ar phaindéim COVID-19, go sonrach, mar gheall ar ionchur moillithe, nó níos lú ná mar a tuaradh, a fuarthas ó chomhpháirtithe; á chur in iúl gur mór aici gur comhlíonadh na príomhtháscairí feidhmíochta agus gur tharraing an Ghníomhaireacht aird ar bhearta lenar féidir éifeachtúlacht agus éifeachtacht obair na Gníomhaireachta a fheabhsú; ag moladh áfach, go dtabharfaidh an Ghníomhaireacht aird ar na táscairí nár baineadh amach go fóill nó atá tite ar gcúl;

5. ag tabhairt faoi deara gurb í an Ghníomhaireacht an mórspreagadh i measc údaráis rialaithe chun reachtaíocht ceimiceán an Aontais a chur chun feidhme ar mhaithe le sláinte an duine agus leis an gcomhshaol, mar aon le nuálaíocht agus iomaíochas; ag tabhairt dá haire go gcuireann an Ghníomhaireacht faisnéis ar fáil faoi cheimiceáin, go gcabhraíonn sí le cuideachtaí an reachtaíocht a chomhlíonadh agus go gcuireann sí úsáid shábháilte ceimiceán chun cinn;

6. á thabhairt dá haire a bhfuil bainte amach ag an nGníomhaireacht i réimse an aitheantais agus an bhainistithe riosca ar shubstaintí ar údar imní iad, lena n-áirítear 371 sheiceáil ar an iomlán, i measc nithe eile, a rinneadh in 2021 agus soláthar na dréacht-mheastóireachta agus na dréachtphróifíl riosca do dhá shubstaint, arb é is aidhm dóibh truailleáin orgánacha mharthanacha nua a shainaithint; á thabhairt dá haire a bhfuil bainte amach i réimse na húsáide sábháilte agus inbhuanaithe ceimiceán ag an tionscal, lena n-áirítear, i measc nithe eile, an oibleagáid fógra a thabhairt maidir le meascáin ghuaiseacha d'úsáid ghairmiúil agus tomhaltóirí, ar cuireadh tús léi in 2021; á thabhairt dá haire a bhfuil bainte amach ag an nGníomhaireacht i réimse an bhainistithe inbhuanaithe ceimiceán trí reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme, go háirithe an tacaíocht ad hoc a cuireadh ar fáil don Choimisiún sa chéim luath i gcur chun feidhme na Straitéise Ceimiceán don Inbhuanaitheacht;

7. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil dlús curtha ag an nGníomhaireacht lena hiarrachtaí faireacháin ar chomhlíonadh agus gur éirigh léi den chuid is mó clárúcháin neamhchomhlíontacha a bhrath agus obair leantach a dhéanamh ar chuideachtaí ar gá dóibh na sonraí arna soláthar a shoiléiriú; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil thart ar 40 % de na cuideachtaí sin fós neamhchomhlíontach, in ainneoin na n-iarrachtaí sin; ag tabhairt dá haire gur próiseas fadálach é forfheidhmiú i gcomhar leis na Ballstáit agus go bhféadfaí cásanna a réiteach níos tapúla dá mbeadh na modhanna reachtacha ar fáil don Ghníomhaireacht chun uimhreacha clárúcháin a tharraingt siar ó chuideachtaí nach gcomhlíonann na rialacha;

8. á thabhairt dá haire go gcomhoibríonn an Ghníomhaireacht go dlúth le gníomhaireachtaí eile AE, amhail an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, trí mheabhráin tuisceana; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an cur chuige sin chun a áirithiú go mbeidh obair gach gníomhaireachta comhsheasmhach le hobair na ngníomhaireachtaí eile agus go gcomhlíonfar ceanglais na bainistíochta fónta airgeadais; á chur in iúl gur geal léi comhroinnt seirbhísí agus á mholadh go mbeadh comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais nuair is féidir;

9. á thabhairt dá haire gur chuir an Ghníomhaireacht tús le tionscadal comhpháirteach in 2021 leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil chun tacú leis an gCoimisiún creat táscairí a fhorbairt maidir le ceimiceáin chun faireachán a dhéanamh ar thiománaithe agus ar thionchair an truaillithe ceimiceán agus chun éifeachtacht na reachtaíochta ceimiceán a thomhas;

10. ag tabhairt faoi deara gur thug an Ghníomhaireacht cúnamh eolaíoch-teicniúil don Choimisiún maidir le Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht a chur chun feidhme, agus gur fhoilsigh sé a thuarascáil cúig bliana ar oibriú Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ([6]);

([5]) Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht: i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí, COM(2020)667, 14 Deireadh Fómhair 2020, lch. 16.

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1)

Beartas foirne

11. á thabhairt dá haire go raibh an plean bunaithe 97,41 % déanta an 31 Nollaig 2021, agus 453 ghníomhaire shealadacha ceaptha as 467 ngníomhaire shealadacha údaraithe faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 463 phost údaraithe in 2020); á thabhairt dá haire, thairis sin go raibh 130 ghníomhaire ar conradh agus 3 shaineolaí náisiúnta ar iasacht ag obair don Ghníomhaireacht in 2021;

12. á chur i bhfios go láidir gur gá a áirithiú go mbeidh foireann na Gníomhaireachta leormhaith agus go léireofar léi riachtanais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, Straitéis Ceimiceán an Aontais um an Inbhuanaitheacht, an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach agus na huaillmhéine maidir le truailliú nialasach go háirithe;

13. á chur in iúl gurb oth léi gur tháinig méadú ar an éagothroime inscne ard laistigh de bhainistíocht shinsearach agus mheánbhainistíocht na Gníomhaireachta, le 27 (82 %) post ag fir agus 6 (18 %) ag mná; á thabhairt dá haire go dtuairiscíonn an Ghníomhaireacht gurb é an dáileadh maidir le cothromaíocht inscne, 15 fhear (42 %) agus 21 bhean (58 %) ar an mbord bainistíochta, agus 261 fhear (46 %) agus 312 bhean (54 %) ar an bhfoireann i gcoitinne; á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an Ghníomhaireacht a Cairt um Éagsúlacht agus Cuimsiú i mí an Mhárta 2022, a bhfuil sé d'aidhm aici cóimheas na n-inscne tearcionadaithe a mhéadú ar an leibhéal tacaíochta agus bainistíochta araon; á iarraidh ar an nGníomhaireacht bearta nithiúla a dhéanamh chun cothromaíocht inscne a bhaint amach ar gach leibhéal d'ordlathas na Gníomhaireachta a luaithe is féidir agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh;

14. á thabhairt dá haire go bhfuil beartas frithchiaptha agus treoirlínte gaolmhara curtha ar bun ag an nGníomhaireacht; á chur in iúl gur geal léi gur eagraigh an Ghníomhaireacht oiliúint maidir le cosc ar chiapadh in 2021 do gach ball foirne; á aithint go bhfuil iompar iomchuí á chur chun cinn ag an mbainistíocht trí chruinnithe idir an fhoireann agus comhairleoirí rúnda a eagrú agus trí idirghabháil a thairiscint i gcásanna coinbhleachta trí idirghabhálaithe oilte san ionad oibre;

15. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé beartas fadtéarmach acmhainní daonna a fhorbairt maidir le cothromaíocht oibre is saoil, treoir ar feadh an tsaoil agus deiseanna oiliúna sonracha a thairiscint d'fhorbairt gairme, cothromaíocht inscne ar gach leibhéal foirne, teilea-obair, an ceart chun dícheangail, cothromaíocht gheografach a fheabhsú chun ionadaíocht iomchuí ó na Ballstáit uile a fháil, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas chomh maith lena áirithiú go gcaitear go cothrom leo agus go gcuirtear a ndeiseanna chun cinn go forleathan;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

16. á thabhairt dá haire, agus is mór aici, go leanann an Ghníomhaireacht de CVanna chomhaltaí uile an bhoird bainistíochta agus a cuid coistí a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin, lena n-áirítear CVanna na gcathaoirligh ar baill d'fhoireann na Gníomhaireachta iad, CV an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus CV chomhaltaí uile an bhoird achomhairc; á chur in iúl gur geal léi go gcumhdaítear ré fostaíochta iomlán na mball foirne faoi bheartais na Gníomhaireachta maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus, ar mhaithe leis an neamhspleáchas a choimirciú, go scagtear na saineolaithe seachtracha a bhíonn rannpháirteach sna coistí eolaíocha, sa bhord bainistíochta agus san fhóram um fhorghníomhú de réir sé chritéar incháilitheachta spriocdhírithe;

17. á thabhairt dá haire nár tuairiscíodh aon chásanna sceithireachta in 2021; á thabhairt dá haire gur díol sásaimh di go bhfuil an creat is gá curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht lena rialaítear cosaint sceithirí ar leibhéal na Gníomhaireachta;

18. á áitiú gur gá rialacha níos córasaí a chur i bhfeidhm maidir le trédhearcacht, neamh-chomhoiriúnachtaí, coinbhleachtaí leasa, brústocaireacht neamhdhleathach agus doirse imrothlacha; ag tabhairt dá haire mar sin féin nach mór d'fhoireann na Gníomhaireachta fógra a thabhairt faoi ghníomhaíochtaí ceirde nua don chéad dá bhliain tar éis dóibh seirbhís na Gníomhaireachta a fhágáil agus go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht an ghníomhaíocht nua a thoirmeasc nó coinníollacha a fhorchur i ndáil leis an ngníomhaíocht nua; ag tabhairt dá aire go ndearna bord bainistíochta na Gníomhaireachta athbhreithniú ar Straitéis Frith-Chalaoise na Gníomhaireachta i mí na Nollag 2016; á iarraidh ar an nGníomhaireacht a sásraí rialaithe inmheánaigh a neartú, lena n-áirítear sásra inmheánach frithéillithe a bhunú;

Rialú inmheánach

19. á thabhairt dá haire nach ndearna an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) iniúchadh sonrach in 2021, agus í ag díriú ar ullmhú an phlean iniúchóireachta straitéisigh le haghaidh 2022-2024; á thabhairt dá haire gur díol sásaimh di gur thángthas ar an gconclúid san obair leantach ar iniúchadh 2020 ar straitéis rialála chomhtháite gur féidir na moltaí uile a dhúnadh; á thabhairt dá haire gur díol sásaimh di gur dhún IAS na moltaí oscailte atá fós ann ón iniúchadh leantach maidir le bainistiú feidhmíochta a rinneadh in 2020;

20. á thabhairt dá haire go ndearna cumas iniúchóireachta inmheánaí na Gníomhaireachta trí iniúchadh dearbhaithe ar rialtacht agus ar cháilíocht na gcóras rialaithe inmheánaigh agus ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na n-oibríochtaí; á thabhairt dá haire go raibh trí mholadh mar thoradh ar an gcéad iniúchadh maidir le gnéithe comhshaoil a shainaithint agus a mheas ag an nGníomhaireacht; á thabhairt dá haire go raibh cúig mholadh thábhachtacha mar thoradh ar an dara hiniúchadh ar phróiseas pleanála, faireacháin agus tuairiscithe na Gníomhaireachta; á thabhairt dá haire go raibh cúig mholadh (lena n-áirítear moladh an-tábhachtach) mar thoradh ar an tríú hiniúchadh ar an bpróiseas maidir le substaintí gníomhacha bithicídeacha a fhormheas (faoin gClár Athbhreithnithe);

21. á thabhairt dá haire go ndearna cumas iniúchóireachta inmheánaí na Gníomhaireachta dhá iniúchadh leantacha chun cur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta a fhíorú, a tháinig ar an gconclúid go bhfuil gníomhaíocht amháin an-tábhachtach agus dhá ghníomhaíocht thábhachtacha fós á gcur chun feidhme; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon fhorbairt ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

22. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé córais bhainistíochta agus rialaithe a neartú chun feidhmiú cuí na Gníomhaireachta a áirithiú; ag cur béim láidir ar an ngá atá le córais bhainistíochta agus rialaithe éifeachtacha a bheith ann chun go seachnófaí cásanna féideartha de choinbhleachtaí leasa, rialuithe ex-ante/ex-post a bheith in easnamh, bainistiú neamhleor ar ghealltanais bhuiséadacha agus dhlíthiúla, agus mainneachtain saincheisteanna a thuairisciú i gclár na n-eisceachtaí;

An digiteáil agus an t-aistriú glas

23. á thabhairt dá haire gur díol sásaimh di gur chuir an Ghníomhaireacht feachtas éigeantach múscailte feasachta slándála chun feidhme in 2021 agus gur chuir sí bearta cosanta ríomhphoist níos forbartha chun feidhme, ina raibh gnéithe slándála amhail iatáin ríomhphoist a chur sa bhosca gainimh, naisc shábháilte do URLanna sna teachtaireachtaí ríomhphoist agus ardbhrath, i measc nithe eile; á thabhairt dá haire gur mór aici go bhfuil feabhas curtha ag an nGníomhaireacht ar an gcumas ionradh leanúnach agus mí-úsáid leanúnach céannachtaí a bhrath chun dul chun cinn breise chuig córais níos criticiúla a bhrath tar éis rochtain neamhúdaraithe tosaigh a bheith aici ar cheann amháin de chórais na Gníomhaireachta do phróifíl níos ísle;

24. á thabhairt dá haire go gcuireann an Ghníomhaireacht cleachtais slándála úrscothacha i bhfeidhm agus go leanann sí iad chun faisnéis rúnda a chosaint i gcórais faisnéise na Gníomhaireachta agus ar idirthuras le húsáideoirí údaraithe amhail údaráis na mBallstát, agus go ndéanann sí bailíochtú rialta ar éifeachtacht na mbeart slándála atá i bhfeidhm trí mheasúnuithe riosca inmheánacha agus measúnuithe leochaileachta a dhéanamh chomh maith le tástáil slándála a dhéanann saineolaithe neamhspleácha slándála;

25. á thabhairt dá haire gur fhorbair an Ghníomhaireacht clár oibre comhshaoil le haghaidh 2020-2022, lena leagtar síos spriocanna chun tomhaltas acmhainní nádúrtha a laghdú, dramhaíl a laghdú agus lorg carbóin na Gníomhaireachta a laghdú; á thabhairt dá haire gur díol sásaimh di go ndearnadh iniúchadh faireachais, iniúchadh inmheánach, athbhreithniú seachtrach comhshaoil agus iniúchadh fíorúcháin comhshaoil ar chóras bainistíochta comhshaoil (EMS) deimhnithe ISO 14001 na Gníomhaireachta;

26. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé digiteáil na Gníomhaireachta a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de ach freisin chun dlús a chur le digiteáil nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don ghníomhaireacht leanúint de bheith réamhghníomhach ina leith seo chun bearna dhigiteach idir na gníomhaireachtaí a sheachaint; ag tarraingt aird, áfach, ar an ngá atá leis na bearta slándála uile is gá a dhéanamh chun aon riosca do shlándáil ar líne na faisnéise a phróiseáiltear a sheachaint;

27. ag spreagadh na Gníomhaireachta chun oibriú i ndlúthchomhar le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus le CERT-EU (an Fhoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire d'Institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE) agus measúnuithe riosca rialta a dhéanamh ar a bonneagar TF agus a áirithiú go ndéanfar iniúchtaí agus tástálacha rialta ar a cibearchosaintí; ag moladh go ndéanfar cláir oiliúna a bhaineann leis an gcibearshlándáil a thabharfar cothrom le dáta go rialta a chur ar fáil do gach ball foirne laistigh den Ghníomhaireacht; á iarraidh ar an nGníomhaireacht a beartas cibearshlándála a fhorbairt níos tapúla, é a sheachadadh roimh an 31 Nollaig 2023 agus tuairisciú don údarás um urscaoileadh;

Leanúnachas gnó le linn ghéarchéime COVID-19

28. á thabhairt dá haire go bhfuil iarrachtaí déanta ag an nGníomhaireacht cineálacha nua múscailte feasachta a thabhairt isteach don fhoireann tar éis teilea-oibriú mórscála agus fadtéarmach na mblianta roimhe seo; á thabhairt dá haire gur eagraigh an Ghníomhaireacht an 18ú cruinniú bliantúil de Líonra na nOifigeach Slándála in 2021, agus plé á dhéanamh aici ar ábhair a bhaineann leis an uirlis nua bainistíochta céannachta, le TF agus le himpleachtaí slándála TF na Straitéise Ceimiceán don Inbhuanaitheacht;

Tástáil ar Ainmhithe

29. á thabhairt chun suntais gur lean an Ghníomhaireacht dá hiarrachtaí deireadh a chur de réir a chéile le tástáil ar ainmhithe san Eoraip a mhéid is féidir faoin gcreat rialála atá ann faoi láthair; á chur in iúl gur geal léi gur thug an Ghníomhaireacht sainordú do mhodhanna neamhainmhithe isteach ina hAonad Measúnaithe Ríomhaireachtúil B2 á aithint gur céim riachtanach é sin sa treo ceart, ach nach leor é; ag spreagadh don Ghníomhaireacht, dá bhrí sin, chun oibriú leis na geallsealbhóirí uile chun dlús a chur leis an aistriú chuig úsáid iomlán modhanna neamhainmhithe le haghaidh tástáil sábháilteachta ceimiceán; á athdhearbhú go gceanglaítear leis an dlí go n-úsáideann cuideachtaí modhanna malartacha nuair is féidir, agus mar sin níor cheart do chuideachtaí tástálacha a dhéanamh ar ainmhithe ach mar rogha dheiridh;

30. ag spreagadh don Ghníomhaireacht chun tascfhórsa a bhunú a bheidh dírithe ar thástáil ar ainmhithe a laghdú agus a ionadú;

31. is díol sásaimh di go n-oibreoidh an Coimisiún i gcomhar leisan nGníomhaireacht ar threochlár chun an gá atá le haistriú chuig córas saor ó ainmhithe chun ceimiceáin thionsclaíocha a rialáil a shainaithint; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go mbeadh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach mar chuid den fhoireann atá ag obair ar an treochlár; á iarraidh go mbeidh garspriocanna uaillmhianacha agus forleathana sa treochlár chun dlús a chur le húsáid rialála agus glacadh modhanna neamhainmhithe;

Barúlacha eile

32. á thabhairt dá haire gur eagraíodh cúrsaí oiliúna maidir le sábháilteachta dóiteáin agus aslonnú in 2021 do gach ball foirne seirbhísí corparáideacha, chomh maith le seisiúin oiliúna ar leithligh do sholáthraithe seirbhíse in áitreabh na Gníomhaireachta; á chur in iúl gur geal léi gur tugadh an Plean Tarrthála Éigeandála cothrom le dáta agus gur cuireadh in iúl é d'Údaráis Tarrthála Heilsincí; á thabhairt dá haire gur eagraigh eagraíocht oiliúna deimhnithe na Fionlainne oiliúint sábháilteachta radaíochta d'Oifigeach Sábháilteachta Radaíochta na Gníomhaireachta;

33. á thabhairt dá haire gur lean an Ghníomhaireacht dá cuid oibre a chur chun cinn trí na meáin in 2021, a raibh níos mó ná 4 000 gearrthóga mar thoradh uirthi, agus 58 % den chlúdach sna meáin ghinearálta; á thabhairt dá haire gur lean foireann na Gníomhaireachta de bheith ag roinnt ábhair go gníomhach trína mbealaí meán sóisialta féin, agus go raibh an Ghníomhaireacht gníomhach ar na meáin shóisialta (Twitter, LinkedIn agus Facebook) in 2021, agus gur oibrigh an Ghníomhaireacht i gcomhar leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí ar fheachtais chomhpháirteacha, amhail ar chód an Aitheantóra Foirmle Uathúil;

34. ag spreagadh na Gníomhaireachta lchun eanúint dá cuid sineirgí a fhorbairt (mar shampla, acmhainní daonna, bainistiú foirgneamh, seirbhísí TF agus slándáil), agus a comhar, a malartú dea-chleachtais agus a pléití maidir le réimsí comhleasa le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais a threisiú, d'fhonn éifeachtúlacht a fheabhsú;

35. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál tras-earnála a ghabhann lena cinneadh ar urscaoileadh, do rún uaithi an 10 Bealtaine 2023 ([7]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([7]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0190.